# RIALACHÁN (AE) Uimh. 306/2011 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 9 Márta 2011

## lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1964/2005 ón gComhairle maidir le rátaí taraife le haghaidh bananaí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [1],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1964/2005 [2] ón gComhairle gurb é a bheidh sa ráta taraife le haghaidh bhananaí chód CN 0803 00 19, ón 1 Eanáir 2006, ná EUR 176/tonna méadrach.

(2) An 31 Bealtaine 2010, síníodh Comhaontú na Ginéive ar Thrádáil i mBananaí [3] idir an tAontas Eorpach agus an Bhrasaíl, an Cholóim, Cósta Ríce, Eacuadór, Guatamala, Hondúras, Meicsiceo, Nicearagua, Panama, Peiriú agus Veiniséala ("an Comhaontú") maidir le struchtúr agus le hoibriú chóras trádála an Aontais le haghaidh bananaí chód CN 0803 00 19.

(3) I gcomhréir leis an gComhaontú, laghdóidh an tAontas a tharaif banana de réir a chéile ó EUR 176/tonna méadrach go EUR 114/tonna méadrach. Mar thoradh ar an gcéad laghdú, a cuireadh i bhfeidhm go haisghníomhach ón 15 Nollaig 2009, an dáta ar cuireadh inisealacha leis an gComhaontú, laghdaíodh an taraif go EUR 148/tonna méadrach. Tá na laghduithe eile le cur i bhfeidhm i seacht dtráthchuid bhliantúla agus féadfar moill dhá bhliain ar a mhéid a chur orthu má chuirtear moill ar chomhaontú i dtaca le modhanna talmhaíochta le linn Bhabhta Doha na hEagraíochta Trádála Domhanda (WTO). Ní mór an taraif dheiridh, EUR 114/tonna méadrach, a bhaint amach an 1 Eanáir 2019 ar a dhéanaí. Beidh na laghduithe taraife ina laghduithe taraife faoi cheangal san WTO tráth a dhéantar sceideal banana an AE a dheimhniú.

(4) Tar éis é a bheith curtha i bhfeidhm go sealadach ó dháta a shínithe, rinneadh an Comhaontú a fhormheas le Cinneadh 2011/194/AE ón gComhairle [4].

(5) I bhfianaise na dtaraifí nua banana atá le cur i bhfeidhm de bhun an Chomhaontaithe, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 1964/2005 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1964/2005.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an dáta a dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 9 Márta 2011.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
J. BUZEK

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
GYŐRI E.

---

(1) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Feabhra 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 7 Márta 2011.
(2) IO L 316, 2.12.2005, lch. 1.
(3) IO L 141, 9.6.2010, lch. 3.
(4) Féach leathanach 66 den Iris Oifigiúil seo.